Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/6324

3.12.2025

# Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — An ghné chríochach den chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis a neartú

(C/2025/6324)

**Rapóirtéir**: Matteo Luigi BIANCHI (IT/ECR), Comhalta d'Fheidhmeannas Bardais Morazzone (VA)

**MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS**

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CNAR)

## Réamhrá

1. Tá CnaR den tuairim go bhfágann an leagan amach geopholaitiúil casta atá ann faoi láthair go bhfuil gá ag an Aontas Eorpach le caidreamh láidir a bheith aige le comhpháirtithe a bhfuil dáimh acu le luachanna agus prionsabail dhaonlathacha an Aontais.

2. Iarrann CnaR ar an Aontas dul i mbun comhair ar bhealach ní ba dhlúithe le tíortha Eorpacha nach bhfuil san Aontas. Meabhraíonn sé, sa chomhthéacs sin, gur comhpháirtí tábhachtach den Aontas Eorpach í an Eilvéis, agus comhar eatarthu le blianta fada, naisc theangeolaíocha agus chultúrtha eatarthu, agus tábhacht leis an malartú eacnamaíoch eatarthu agus le sreabhadh oibrithe go háirithe idir an Eilvéis agus na Ballstáit a bhfuil teorainn acu léi.

3. Cuireann CnaR chun suntais go bhfuil an tAontas Eorpach agus an Eilvéis ina gcomhghuaillithe dlútha, go bhfuil na prionsabail agus na luachanna céanna i gcoiteann acu, mar atá, an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine, an chosaint a thugtar do mhionlaigh, an comhionannas sóisialta agus an inbhuanaitheacht shóisialta agus comhshaoil. Tugann sé dá aire freisin gur comhpháirtithe tábhachtacha eacnamaíocha iad, a bhfuil suim acu sa chomhrathúnas eacnamaíoch, agus iad aontaithe trína thiomanta atá siad dul i ngleic le dúshláin choiteanna ar an leibhéal domhanda.

## Cúlra

4. Meabhraíonn CnaR go bhfuil an Eilvéis ina ball de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) agus go bhfuil sí i limistéar Schengen ó bhí an 12 Nollaig 2008 ann. Meabhraíonn sé freisin gurbh é an tAontas Eorpach an comhpháirtí trádála ba thábhachtaí a bhí ag an Eilvéis in 2023 — 59 % dá cuid trádála ar an iomlán — agus gurbh í an Eilvéis an 4ú comhpháirtí trádála ba mhó a bhí ag an Aontas (6 %).

5. Tá an-tábhacht leis na figiúirí a bhaineann le gluaiseacht daoine: tá thart ar 1,4 milliún saoránach den Aontas Eorpach ina gcónaí san Eilvéis (16 % de dhaonra na tíre), agus thart ar 400 000 saoránach den Eilvéis ina gcónaí san Aontas. Trasnaíonn tuairim is 340 000 saoránach den Aontas Eorpach an teorainn náisiúnta gach lá chun dul ag obair san Eilvéis ([1]).

6. Meabhraíonn CnaR go bhfuil breis agus 120 comhaontú déthaobhach tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach agus an Eilvéis le 50 bliain anuas — an líon is mó comhaontuithe a thug an tAontas i gcrích le tríú tír — chun an caidreamh tábhachtach polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch sin a rialú. Dhírigh na comhaontuithe déthaobhacha sin go háirithe ar shaorghluaiseacht daoine, ar na rialacha maidir le caighdeáin táirgí a aithint go frithpháirteach, ar mhargaí an tsoláthair phoiblí a léirscaoileadh, ar an tsaor-rochtain a bhíonn ag aerlínte na hEilvéise ar mhargadh dírialáilte eitlíochta sibhialta an Aontais, ar an iompar oscailte paisinéirí agus earraí de bhóthar agus d'iarnród, ar an taighde, ar an tsláindáil inmheánach, ar chúrsaí tearmainn, ar an gcomhar polaitiúil agus ar earnálacha na nuálaíochta, an chultúir, an oideachais, an chomhraic i gcoinne na calaoise, na trádála táirgí talmhaíochta próiseáilte agus an chomhchuibhithe maidir le sonraí staidrimh a bhailiú.

7. Tugann CnaR dá aire gur éirigh leis an gCoimisiún Eorpach agus an Eilvéis, an 20 Nollaig 2024, tar éis breis agus 200 babhta caibidlíochta eatarthu, an chaibidlíocht a thabhairt chun críche maidir le pacáiste leathan nua de chomhaontuithe trína ndéanfar nuashonrú ar chúig cinn de na comhaontuithe atá ann faoi láthair lena dtugtar rochtain don Eilvéis ar an margadh inmheánach (an t-aeriompar, an t-iompar de thalamh, an tsaorghluaiseacht daoine, an nós imeachta um measúnú comhréireachta agus trádáil táirgí talmhaíochta, forálacha maidir le réiteach díospóidí agus maidir le státchabhair), agus maidir le comhaontuithe breise lena gceadófar don Eilvéis páirt a ghlacadh sa Ghníomhaireacht Eorpach Spáis agus i gcláir ar féidir le tríú tíortha a bheith ina gcomhlaigh iontu (e.g. Fís Eorpach, Erasmus+, etc.), agus i margadh inmheánach leictreachais an Aontais ([2]).

([1]) Foinse: The European Union and Switzerland, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS).

([2]) An 2 Aibreán 2025, chuir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis a gcuid inisealacha le comhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir an Aontais, rud atá ina dhlúthchuid den phacáiste comhaontuithe a caibidlíodh i mí na Nollag 2024. Dá bhrí sin, ullmhóidh an Coimisiún tograí le haghaidh Cinntí ón gComhairle lena n-údarófar síniú na n-ionstraimí sin agus tabhairt i gcrích an phacáiste, lena n-áirítear an comhaontú maidir le cláir an Aontais a foilsíodh an 9 Aibreán 2025.

8. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil an Eilvéis ag tacú le comhtháthú an Aontais; déanfaidh sí ranníocaíocht ar fiú EUR 375 mhilliún í in aghaidh na bliana idir bliain daingnithe an phacáiste comhaontuithe agus 2036, agus tá EUR 140 milliún in aghaidh na bliana á íoc aici ó 2024, chun tacú le tionscadail forbartha agus tionscadail chun na héagothromaíochtaí eacnamaíocha a laghdú i réigiúin sna tíortha sin a tháinig isteach san Aontas in 2004, rud a chuireann deiseanna ar fáil d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha an Aontais i réimsí ar nós an aistrithe ghlais, na gairmoiliúna agus na nuálaíochta.

9. Tá CnaR den tuairim gur cheart aird ar leith a thabhairt ar réigiúin trasteorann agus ilteangacha ina bhfuil cónaí ar phobail mhóra de mhionlaigh náisiúnta nó eitneacha. Cuireann sé chun suntais, ar an gcaoi chéanna, go bhféadfadh rannpháirtíocht na réigiún beagfhorbartha i gcláir trasteorann agus i dtionscnaimh chomhpháirteacha i bpáirt le cantúin na hEilvéise cuidiú le héagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú agus leis an gcomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn.

**A thábhachtaí atá an caidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha an Aontais**

10. Is mian le CnaR béim a leagan ar an dlúthnasc eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha atá ag réigiúin na hEorpa le cantúin na hEilvéise, ar láidre é i roinnt cásanna ós iad a bheith ag obair le chéile i gcomhlachtaí comhair institiúideacha, e.g. Arge-Alp ([3]), Straitéis an Aontais do Réigiún na nAlp (EUSALP) ([4]), Comhdháil Idirnáisiúnta Loch Konstanz, Pobal Oibre Regio Insubrica, struchtúir institiúideacha réigiún trínáisiúnta na Réine Uachtaraí agus roinnt Grúpálacha Eorpacha um Chomhar Críochach (EGTCanna) a bunaíodh sna limistéir éagsúla ([5]) chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus dúshláin atá i gcoiteann ag na limistéir.

11. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil an iliomad réimsí ann a bhfuil leas ag pobail a bhfuil cónaí orthu i gcríocha trasteorann iontu. Maidir leis an gcomhar críochach Eorpach arna mhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, tá an Eilvéis páirteach i 10 gclár de chuid Interreg agus a hacmhainní dílse féin aici.

12. Meabhraíonn CnaR go bhfuil na seirbhísí poiblí trasteorann ar cheann de na réimsí éagsúla leasa choitinn lena n-éascaítear an taisteal do na saoránaigh gach lá, ina measc mic léinn agus a lán oibrithe ([6]).

13. Meabhraíonn CnaR go gcaithfear cur le héifeachtúlacht an chomhair idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha san Aontas agus cantúin na hEilvéise chun an bhithéagsúlacht sna lochanna i limistéir trasteorann a chosaint agus a chaomhnú, rud atá ina leas coiteann agus le bainistiú le chéile.

14. Tá an comhar idir údaráis áitiúla an Aontais agus cantúin na hEilvéise ríthábhachtach sna réigiúin trasteorann d'fhonn a áirithiú go mbeidh speicis mhóra san áireamh i gcosaint na bithéagsúlachta agus go dtacóidh an chosaint sin leis an gcomhcheangailteacht éiceolaíoch. Tugann CnaR chun suntais go bhfuil beartais éifeachtacha chómhaireachtála lena gcuirtear an tslándáil phoiblí san áireamh bunriachtanach chun an bhithéagsúlacht agus cothromaíocht an dúlra a chaomhnú.

15. Cuireann CnaR i bhfios gur gá deireadh a chur le bacainní dlíthiúla agus riaracháin ar an gcomhar trasteorann idir na seirbhísí éigeandála ([7]) agus gur minic a bhíonn ar limistéir atá gar do na teorainneacha déileáil le teagmhais adhaimsire aeráide gan choinne, rud a dhéanann damáiste agus a chuireann isteach ar na pobail atá ina gcónaí sna limistéir sin.

16. Is mian le CnaR béim a leagan ar na tionscnaimh atá déanta ag réigiúin éagsúla san Eoraip trína léirítear an gá atá leis an ngné chríochach den chaidreamh le Cónaidhm na hEilvéise a neartú ([8]).

**An ghné chríochach den chaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis a neartú**

17. Is díol sásaimh do CnaR an comhdhearcadh ar ar tháinig an Coimisiún Eorpach agus Comhairle Chónaidhme na hEilvéise i mí na Nollag 2024 maidir leis an bpacáiste comhaontuithe. Is deis thábhachtach é an pacáiste sin ní hamháin chun an comhar déthaobhach a chur chun cinn agus é a chur in oiriúint don chomhthéacs idirnáisiúnta nua casta, ach gan dochar a dhéanamh ach oiread don mhéid trádála a dhéantar in earnálacha tábhachtacha, mar shampla an tionscal cógaisíochta, an tionscal bithleighis agus an tionscal miotalóireachta.

([3]) Arna bhunú in 1972, is 'pobal oibre' é ina bhfuil 10 gcinn de réigiúin, cúigí, cantúin agus stáit chónaidhme san Ostair, sa Ghearmáin, san Iodáil agus san Eilvéis.
([4]) Foinse: An EU Strategy for the Alpine Region, Inforegio.
([5]) Tá an Eilvéis páirteach i dtrí Ghrúpáil Eorpacha um Chomhar Críochach (EGTCanna): Comhghuaillíocht Chonair na Réine-na nAlp; Eucor — The European Campus; agus Wissenschaftsverbund Vierländerregion Bodensee.
([6]) CDR-2615-2020.
([7]) CDR-1609-2024.
([8]) Sampla amháin is ea an Coimisiún um an gCaidreamh leis an Eilvéis a bhunaigh Comhairle Réigiúnach na Lombairde san Iodáil.

18. Tugann CnaR dá aire freisin gur deis é an pacáiste comhaontuithe chun an caidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis a dhaingniú go fadtéarmach, rud a chuirfidh creat dlíthiúil cobhsaí ar fáil don chomhar trasteorann idir réigiúin agus cathracha na hEorpa agus cantúin agus cathracha na hEilvéise. Ba cheart a mheabhrú gur gá comhaontuithe déthaobhacha a fhorbairt go dinimiciúil agus iad a dhaingniú go dlíthiúil san fhadtéarma ionas go mbeidh siad go hiomlán éifeachtach.

19. Cuireann CnaR i bhfáth gur féidir, tríd an gcomhar ón mbun aníos, gar don phobal, an caidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis a chobhsú, a dhoimhniú agus a fhorbairt a thuilleadh.

20. Tugann CnaR le fios go bhfágann an struchtúr atá ar Chónaidhm na hEilvéise, mar atá na 26 chantún a bhfuil a lán cumhachta acu i réimsí an chánachais, an oideachais, an fhuinnimh agus an chomhair trasteorann, agus an struchtúr rialachais il-leibhéil atá ar an Aontas, gurb idirghabhálaithe nádúrtha iad údaráis áitiúla agus réigiúnacha an Aontais agus cantúin na hEilvéise. Glacann na cantúin páirt ghníomhach sa chaibidlíocht idirnáisiúnta nuair a bhíonn a leasanna siúd faoi chaibidil, rud a bhí soiléir le linn an phróisis caibidlíochta ar an bpacáiste comhaontuithe a caibidlíodh in 2024. Ar an gcuma chéanna, tá ról lárnach ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha an Aontais, trí bhíthin CnaR a dhéanann ionadaíocht thar a gceann, maidir leis an iliomad beartas Eorpach a chur chun feidhme, go háirithe sna réigiúin teorann, arb iad na réigiúin iad ina bhfuil an comhar is dlúithe leis an Eilvéis.

21. Is féidir le CnaR, agus é ag obair i gcomhar leis na cantúin, an comhar trasteorann a neartú i limistéar Schengen, trí bheartais athléimneacha atá dírithe ar an todhchaí a chur chun cinn, agus ról tábhachtach ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha an Aontais maidir lena gcur chun feidhme, trí bhíthin tionscnaimh chomhpháirteacha i réimsí ar nós na slándála, na soghluaisteachta, na forbartha réigiúnaí, bhainistiú na himirce agus maidir le himircigh dhleathacha a lánpháirtiú.

22. Iarrann CnaR go mbeadh comhar struchtúrtha ann idir CnaR agus Comhdháil Rialtais Chantúin na hEilvéise, trína bhféadfaí dearcadh fonáisiúnta a chur san áireamh i bpróisis cur chun feidhme agus faireacháin na gcomhaontuithe déthaobhacha, agus béim ar leith á leagan ar an bpacáiste nua comhaontuithe a tugadh i gcrích i mí na Nollag 2024, toisc gur féidir a bhuí leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha leas a bhaint as na comhaontuithe sin chun sochair nithiúla a chruthú do na réigiúin agus do na pobail áitiúla.

23. Iarrann CnaR go mbeadh ról gníomhach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ag na cantúin san idirphlé polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta, sin toisc a oiread sin mioneolais acu ar fhadhbanna agus ar acmhainneacht na réigiún trasteorann, rud a neartódh an comhtháthú críochach agus, trí fhlaitheas na hEilvéise a urramú, a laghdódh na bearnaí atá ann, a thacódh le forbairt shocheacnamaíoch na réigiún, agus a d'áiritheodh an leibhéal is airde den chosaint tomhaltóirí agus comhshaoil, den iomaíocht chóir, den fhorbairt inbhuanaithe agus den tslándáil shóisialta, den dul chun cinn eacnamaíoch agus den cheartas.

24. Cuireann CnaR i bhfáth a thábhachtaí atá sé dearcthaí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a chomhtháthú sa chaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis, rud lena n-áiritheofar go mbeidh na beartais ag freagairt do riachtanais an fhíorshaoil agus go gcuirfear sainiúlachtaí áitiúla agus réigiúnacha san áireamh go cuí agus go nglacfar cur chuige atá níos cuimsithí agus níos rannpháirtí ó thaobh na saoránach de sa chaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis.

25. Cuireann CnaR i bhfáth gurb é atá i gceist le tábhacht a thabhairt don ghné chríochach den chaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis go gcaithfidh an tAontas agus an Eilvéis ról na leibhéal fonáisiúnta rialtais agus an méid a dhéantar ar na leibhéil sin a aithint, rud atá i gcomhréir le cur i bhfeidhm na coimhdeachta gníomhaí sa chaidreamh déthaobhach.

**Ról suntasach a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa chaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis: gnéithe a bhaineann le téamaí áirithe**

26. Dar le CnaR, is iad na réimsí beartais a gcaithfidh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha tús áite a thabhairt dóibh maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus an Eilvéis an tsaorghluaiseacht daoine, margadh an tsaothair trasteorann, an t-iompar agus an tsoghluaisteacht, an nuálaíocht agus an taighde, an tslándáil bia, an chosaint shibhialta agus cosc éigeandálaí sláinte, an tslándáil agus an fhorbairt réigiúnach.

27. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil an-tábhacht le heangach chomhtháite leictreachais na hEorpa sa chomhar trasteorann i réimse an fhuinnimh agus go bhfuil an Eilvéis, agus os cionn 40 líne chumhachta trasteorann aici, nasctha go dlúth le heangach leictreachais na dtíortha comharsanacha. Trí chomhar breise a chur chun cinn in earnáil an fhuinnimh, is féidir tacú le cobhsaíocht na heangaí, le slándáil an tsoláthair fuinnimh, le géarchéimeanna a chosc, leis an trádáil leictreachais agus le foinsí malartacha ar nós na hidrigine agus an gháis in-athnuaite, rud a chabhróidh le cuspóir an Aontais a bhaint amach, is é sin líon na nglanastaíochtaí a bheith cothrom le náid faoi 2050 agus an córas leictreachais a dhícharbónú. Lena chois sin, féadfar a áirithiú go mbeidh an eangach leictreachais níos cobhsaí, go mbeidh an soláthar fuinnimh níos cinnte don dá pháirtí agus go mbeidh dálaí trádála níos éifeachtúla ann. Ba cheart slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú ina bhreisluach aonair lárnach den chomhaontú sin.

28. Iarrann CnaR go leanfaí de na cláir Eorpacha a thacaíonn leis an gcomhar trasteorann leis an Eilvéis, amhail Interreg, go neartófaí na cláir sin sa chéad leagan eile den chreat airgeadais ilbhliantúil agus go n-éascófaí an chaoi ar féidir páirt a ghlacadh iontu trí na hualaí riaracháin a laghdú agus trí thacú le tionscadail bheaga.

29. Tugann CnaR dá aire go bhfágann an pacáiste nua comhaontuithe go bhfuil deireadh á chur leis na bacainní ar an gcomhar trasteorann eacnamaíoch agus trádála, earnáil na seirbhísí san áireamh, rud a neartóidh na gnólachtaí agus a thacóidh leis na hoibrithe ar an dá thaobh den teorainn. Iarrann sé, ina leith sin, gurbh iad rialacha mhargadh inmheánach an Aontais a d'úsáidfí mar chreat tagartha comhroinnte le haghaidh comhar eacnamaíoch. Iarrann sé freisin go gcuirfí deireadh leis na bacainní atá ar ghnólachtaí agus ar oibrithe an Aontais a bhíonn ag obair san Eilvéis.

30. Cuireann CnaR i bhfáth a thábhachtaí atá sé an tsoghluaisteacht trasteorann a éascú d'fhiontraithe trí na rialacha cánach agus trádála a shimpliú agus a chomhchuibhiú agus trí bhacainní baincéireachta agus árachais a bhaint. Iarrann sé go dtabharfaí tacaíocht do na gnólachtaí chun cláir leasa chorparáidigh a chur ar bun a d'fhéadfadh cabhrú le hoibrithe ardoilte a mhealladh.

31. Tugann CnaR dá aire an comhar den scoth atá ann idir institiúidí taighde agus ollscoileanna, go háirithe ar leibhéal na réigiún agus na gcantún. Tá sé den tuairim nach beag an tábhacht atá leis an gcomhar sin chun cur le hiomaíochas na hEorpa agus lena cumas nuálaíochta i gcomhthéacs na hiomaíochta breise atá ann ar an leibhéal domhanda. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dó go mbeidh an Eilvéis in ann páirt iomlán a ghlacadh arís i gclár réime taighde an Aontais, .i. Fís Eorpach, agus i gclár Erasmus+.

32. Iarrann CnaR ar an Eilvéis smaoineamh ar rannpháirtíocht i Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS), de réir na rialacha atá leagtha síos le haghaidh tríú tíortha, óir tá méadú ar an tábhacht leis an gcomhar trasteorann i réimse na cosanta sibhialta. Sa chomhthéacs sin, molann sé go mbreathnófaí i dteannta a chéile ar na roghanna atá ann maidir le rannpháirtíocht fhéideartha in SACS.

33. Meabhraíonn CnaR gur féidir leis an gcomhar idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus údaráis na gcantún cabhrú chun deireadh a chur leis na bacainní a chruthaítear nuair a bhíonn struchtúir éagsúla rialachais, riaracháin agus bainistithe cistí i bhfeidhm, rud a d'éascódh teacht ar réitigh nuálacha. Mar shampla, d'fhéadfaí oifigí pleanála trasteorann a chruthú agus a chur chun cinn mar struchtúir fheidhmiúla straitéiseacha trína bhféadfaí díriú ar dhúshláin chomhroinnte a bhaineann le gníomhaíochtaí agus bearta, maille le tionscadail bhonneagair, a phleanáil agus a chlársceidealú i limistéir ar an teorainn, go háirithe maidir le scileanna ar leith a fhorbairt chun gur féidir feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil éagsúlacht rialála agus inniúlachta idir na húdaráis éagsúla.

34. Cuid suntais, dar le CnaR, is ea sampla na hEilvéise toisc go gcuirtear an t-ilteangachas institiúideach chun cinn sna réigiúin sin dá cuid a bhfuil pobail ilteangacha iontu, go háirithe sna seirbhísí poiblí, san oideachas agus sa ghairmoiliúint, chun inrochtaineacht agus comhdheiseanna a áirithiú don uile shaoránach.

**Ról suntasach a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa chaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis: gnéithe a bhaineann le hinstitiúidí**

35. De bharr an chórais rialachais il-leibhéil atá san Aontas Eorpach, phrionsabal na coimhdeachta agus an struchtúir atá ar Chónaidhm na hEilvéise, ina bhfuil cantúin agus a lán cumhachta acu i réimsí ar nós an chánachais, an oideachais, an fhuinnimh agus an chomhair trasteorann, tá CnaR den tuairim gur rud nádúrtha dearfach é an caidreamh idir údaráis áitiúla agus réigiúnacha an Aontais agus cantúin na hEilvéise.

36. Tugann CnaR dá aire, ainneoin an iliomad réimsí leasa choitinn a bheith ann, nach bhfuil aon chineál comhair fhoirmiúil ann faoi láthair idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Eilvéis. Tá CnaR den tuairim, dá bhrí sin, go bhfuil gá le cineálacha nithiúla comhair a chur chun cinn idir ionadaithe CnaR agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hEilvéise chun idirphlé a éascú maidir le saincheisteanna an leasa fhrithpháirtigh, go háirithe i gcomhthéacs an chomhair trasteorann.

37. Tá CnaR den tuairim gur féidir le CnaR agus le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla na hEorpa cabhrú le heolas mar is ceart a scaipeadh ar na saoránaigh faoi na buntáistí a bheadh le comhar ní ba láidre idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis, rud a chabhródh freisin leis na comhaontuithe atá á gcaibidil faoi láthair a chur chun feidhme ar bhealach ní b'éifeachtaí sna blianta atá romhainn.

38. Iarrann CnaR go mbeadh an Coiste, a luaithe a thiocfaidh an pacáiste comhaontuithe i bhfeidhm, rannpháirteach sna sásraí meastóireachta agus cur chun feidhme, agus go ndéanfaí uirlisí ar nós éisteachtaí, meithleacha agus idirphlé téamach a chur i bhfeidhm ar bhonn institiúideach chun go bhféadfaí barúlacha na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus údaráis na gcantún a bhailiú.

39. Cuireann CnaR i bhfáth a thábhachtaí atá an comhar idir tionóil pholaitiúla agus iarrann sé go dtabharfaí cuireadh do CnaR freastal, i gcáil breathnóra, ar na cruinnithe idirpharlaiminteacha a bheidh ag an Aontas Eorpach agus an Eilvéis agus go mbeadh páirt aige sa Choiste Parlaiminteach Comhpháirtíochta a bhunóidh Parlaimint na hEorpa chun na comhaontuithe a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu.

An Bhruiséil, an 15 Deireadh Fómhair 2025.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*
Kata TÜTTŐ